Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022
(OR. en)

6097/22

SOC 71
EMPL 45

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Johanna RACHBAUER, comhalta don Ostair, in ionad Sophia MARCIAN, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Sophia MARCIAN éirithe as oifig mar chomhalta den choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Ostair).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, cé go bhfuil na ceapacháin bailí ar feadh tréimhse cúig bliana leis an gCinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2].

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na hOstaire le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Johanna Rachbauer
Bundesarbeitskammer
Abteilung Sozialversicherung
Prinz-Eugen-Straße 20-22
A - 1040 Wien
+43 1 501 65 13841
R-phost: johanna.rachbauer@akwien.at

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo a ghlacadh, mar mhír 'A', lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ina Cinntí an 21 Meán Fómhair 2020[4] agus an 19 Deireadh Fómhair 2021[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh tar éis do Sophia MARCIAN as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hOstaire don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

3 IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
4 IO C 315, 23.9.2020, lch. 1.
5 IO C 427 I, 22.10.2021, lch. 11.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Johanna RACHBAUER ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Sophia MARCIAN, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán